Deimhníم go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra faoi oiliúint chuí, a oibríonn de réir cairte i scribhinn a cheadaigh mé féin. Cuirtear le hobair na feidhme seo le hanailís ar na rioscaí airgeadais os comhair na Roinne agus bunaítear na pleananna bliantúla maidir le hiniúchadh inmheánach, arna gceadú agamsa, ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú, ar bhonn atráthá, thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú go tréimhsíúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha ar bun agam chun a áirithiú go ndéanfar tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh a fhiosrú.

Cuntas an Chiste Comhshaoil 2012 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

1. Ginearálta

Bunaíodh an Ciste Comhshaoil leis an Acht um Bainistíocht Dramhaíola (Leasú), 2001 (Uimh. 36 de 2001), le bainistiú agus rialú ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Cuireadh an Ciste ar bun le héifeacht ón 17 Iúil 2001.

Tugadh Tobhaigh Chomhshaoil isteach maidir le malaí plaisteacha leis na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Comhshaoil) (Mala Plaisteach) 2001 (Uimhir S.I. 605 de 2001) agus maidir le lónadh talún leis na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) 2002 (Uimhir S.I. 86 de 2002).

Íohtar fáltas an Tobhaigh Chomhshaoil ar sholáthar malaí plaisteacha, a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim, agus fáltas an Tobhaigh Chomhshaoil ar lónadh talún dramhaíola, a bhailíonn údaráis áitiúla, isteach sa Chiste.

Aisíocatar costais bhailiúcháin a thabhaíonn na Coimisinéirí Ioncaim ón gCiste, agus is féidir le gach údarás áitiúil suas go dtí 2% (uasmhéid de €50,000 in aghaidh na bliana) a bhaint agus a choinneáil as tobhaigh atá iníoctha maidir le háiseanna líonta talún a oibrítear go príobháideach, agus suas go 80% as tobhaigh atá iníoctha maidir le háiseanna líonta talún neamhúdaraithe, chun freastal ar na costais a thabhaíonn siad féin chun tobhaigh a fhorfheidhmiú agus a bhailíú.

Tá caiteachas ón gCiste maidir le bailiú an Tobhaigh Chomhshaoil ar sholáthar malaí plaisteacha aontaithe faoi chomhaontú oibriúcháin agus leibhéal seirbhíse leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Ceadaíonn an tAire caiteachas eile faoi réir na gcuspóirí a cheadaítear leis an reachtaíocht um Bainistíocht Dramhaíola.

Sainítear in Alt 74(9) den Acht um Bainistíocht Dramhaíola, 1996 [mar atá curtha isteach ag Alt 12 den Acht um Bainistíocht Dramhaíola (Leasú), 2001 agus ag Alt 14 den Acht um Bainistíocht Dramhaíola (Forálacha Ilgħnéitheacha), 2011] na cuspóirí ar féidir íocaíochtaí a dhéanamh ina leith ón gCiste Comhshaoil.

Déanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil an Ciste Comhshaoil a bhainistiú agus déantar na costais riarracháin a ghabhann leis a ghearradh ar Vóta 25.

Cuntas an Chiste Comhshaoil 2012 Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta (ar lean)

2. Aitheantas Ioncaim

Is ionann ioncam ón Tobhach Comhshaoil ar sholáthar máláí plaisteacha agus an tsuim a bhailíonn Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim. Is ionann ioncam ón Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún Dramhaíola agus an tsuim a bhailíonn údaráis áitiúla, lúide suimeanna a choinnítear ó thobhaigh a foctar maidir le háiseanna a oibrítear go príobháideach agus maidir le háiseanna neamhúdaraithe.

3. Aitheantas Caiteachais

I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear speansas/dliteanas nuair atá an riachtanas conarthach chun earraí agus seirbhísí a ordaíodh a sholáthar comhlíonta ag an soláthraí agus nuair atá sonrasc curtha ar fáil aige/aici. I gcás deontas, aithnítear speansas/dliteanas nuair atá na riachtanais ar fad a bhaineann le híocaíocht an deontais comhlíonta ag an deontaí.

**An Ciste Comhshaoil
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012**

		2012	2011
<u>Ioncam</u>	<u>Nótaí</u>	€	€
An Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún Dramhaíola	1	51,808,780	46,422,722
An Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha	2	13,863,175	15,725,008
Ús ar Infheistíochtaí	3	<u>41,944</u>	<u>425,738</u>
		<u><u>65,713,899</u></u>	<u><u>62,573,468</u></u>
<u>Caiteachas</u>			
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Costais	4	12,100,000	13,004,836
Forbartha agus Riaracháin (Neamhphá)			
Tionscnaimh Forfheidhmithe	5	11,352,501	13,538,483
Tionscadail Oidhreachta Tógha agus Nádúrtha	6	8,846,137	9,239,936
Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirmáisiúnta	7	7,841,104	2,555,107
Costais Oibriúcháin Athchúrsála	8	7,250,000	12,000,000
An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola agus an Clár Náisiúnta um Fhorbairt Margaidh	9	4,321,714	5,199,917
Cáilíocht Uisce	10	4,148,983	4,322,813
Feabhsúchán Láithreáin Líonta Talún / Láithreán Neamhdhleathach	11	4,120,438	6,110,723
An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil	12	2,100,000	2,200,000
Tionscnaimh in aghaidh an Bhruscair	13	1,836,638	1,945,919
Feasacht ar an gComhshaoil	14	1,637,524	2,592,998
Sábháilteacht Núicléach	15	1,526,250	1,395,077
Bainistíocht Dramhaíola lena n-áirítear Tionscadail Athchúrsála	16	1,480,008	9,273,086
An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (Neamhphá)	17	1,078,000	-
Costais Bhailiúcháin an Tobhaigh Chomhshaoil	18	401,683	398,591
Tionscnaimh Freagrácht Táirgeora	19	212,203	-
Eile	20	<u>478,333</u>	<u>693,148</u>
Caiteachas Iomlán	21	<u>70,731,516</u>	<u>84,470,634</u>
Easnamh don Bláthain		(5,017,617)	(21,897,166)
Barrachas Carntha amhail an 1 Eanáir		<u>13,955,002</u>	<u>35,852,168</u>
Barrachas Carntha amhail an 31 Nollaig		<u><u>8,937,385</u></u>	<u><u>13,955,002</u></u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta ar Leathanach 3 agus ar Leathanach 4 agus Nótaí 1 go 25.

An Ciste Comhshaoil Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2012

	<u>Nótaí</u>	2012 €	2011 €
<u>Sócmhainní Reatha</u>			
Banc		5,028,046	2,927,787
An Tobhach Comhshaoil ar an Líonadh Talún Dramhaíola atá dlite ó Údaráis Áitiúla	22	8,808,187	7,770,145
An Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha atá dlite ó na Coimisinéirí Ioncaim	23	3,912,136	4,292,311
Réamhíocaíochtaí	24	<u>141,718</u> <u>17,890,087</u>	<u>145,299</u> <u>15,135,542</u>
<u>Dliteanais Reatha</u>			
Speansais Fhabhráithe	25	8,952,702	1,180,540
Glansócmhainní		<u>8,937,385</u>	<u>13,955,002</u>
Léirithe ag an mBarrachas Carntha ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>8,937,385</u>	<u>13,955,002</u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntais Áitiúla atá leathanach 3 agus leathanach 4 agus Nótaí 1 go 25.

An Ciste Comhshaoil Ráiteas ar Shreabhadh Airgid amhail an 31 Nollaig 2012

	2012	2011
	€	€
<u>Réiteach easnaimh chuig glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</u>		
Easnamh don Bhliain	(5,017,617)	(21,897,166)
Ús Tuillte ar Thaiscί	(41,944)	(425,738)
(Méadú) ar Thobhaigh atá dlite agus ar Réamhíocaíochtaí	(654,286)	(2,148,761)
Méadú ar Speansais Fhabhráithe	<u>7,772,162</u>	<u>84,396</u>
Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	<u><u>2,058,315</u></u>	<u><u>(24,387,269)</u></u>
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid		
Glan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	2,058,315	(24,387,269)
Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh ar Airgeadas		
Ús Tuillte ar Thaiscί	<u>41,944</u>	<u>425,738</u>
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim	<u><u>2,100,259</u></u>	<u><u>(23,961,531)</u></u>
<u>Réiteach glansreafaí airgid chuig gluaiseacht i nglanchistí</u>		
Athruithe ar Ghlan-Chistí de bharr Sreabhadh Airgid		
Glan-Chistí amhail túis na Blíana	2,927,787	26,889,318
Glan-Chistí amhail deireadh na Blíana	<u>5,028,046</u>	<u>2,927,787</u>
Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim sa Bhliain	<u><u>2,100,259</u></u>	<u><u>(23,961,531)</u></u>

Is cuid de na Cuntais seo iad an Ráiteas ar Bheartais Chuntasáiochta ar Leathanach 3 agus ar Leathanach 4 agus Nótáí 1 go 25.

Nótaí leis na Cuntas

1. An Tobhach Comhshaoil ar Lónadh Talún Dramhaíola

Léiríonn an figiúr seo na suimeanna a bhailigh údaráis áitiúla, glan d'aon suimeanna a choimeád siad siar faoi Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) 2011, maidir leis an Tobhach Comhshaoil ar an Lónadh Talún Dramhaíola. Déantar achoimre air mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Tobhach ar an Lónadh Talún Dramhaíola ó láithreáin líonta talún a oibrítear go príobháideach	29,126,408	26,619,900
Tobhach ar an Lónadh Talún Dramhaíola ó láithreáin 1 íonta talún atá á n-oibriú ag údaráis áitiúla	22,682,372	19,801,779
Tobhach ar an Lónadh Talún Dramhaíola ó láithreáin líonta talún neamhúdaraithe	-	1,043
Iomlán	<u>51,808,780</u>	<u>46,422,722</u>

In 2012, choinnigh údaráis áitiúla suim iomlán €200,000 (€200,000 in 2011) ó thobhaigh a bailíodh faoi Rialachán 8 (3) de na Rialacháin um Bainistíocht Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún), 2011, maidir le háiseanna líonta talún a oibrítear go príobháideach agus choinnigh údaráis áitiúil suim eile €1,306 (€4,172 in 2011) ó thobhaigh a bailíodh faoi Rialachán 10 (4) de na Rialacháin, maidir le háiseanna líonta talún neamhúdaraithe.

Níl tobhaigh líonta talún dar luach €4,627,565 dlite don Chiste maidir leis an mbliaín 2012 bailithe fós ag na húdaráis áitiúla i gceist ó oibreoir líonta talún príobháideach agus dá bhrí sin, ní áirítear na tobhaigh seo san fhigiúr ioncaim thuasluaite. Is de bharr oibreoir láithreáin líonta talún príobháideach á chur faoi ghlacadóireacht nár íocadh na tobhaigh líonta talún seo fós. Ina theannta sin, ní áirítear suim dar luach €163,768 san fhigiúr ioncaim, toisc go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ar stádas toibhithe an tonnáiste dramhaíola ag an Roinn.

2. An Tobhach Comhshaoil ar sholáthar Málaí Plaisteacha

Léiríonn an figiúr seo an tsuim a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim ó mhiondíoltóirí.

3. Ús ar Infheistíochtaí

Léiríonn an figiúr seo ús a tuilleadh ó infheistíocht cistí atá le dáileadh.

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

4. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Costais Forbartha agus Riaracháin (Neamhphá)

Is ionann é seo agus aisíocaíocht na gcostas a thabhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le Taighde agus Forbairt agus riarchán (neamhphá).

	2012 €	2011 €
Taighde agus Forbairt	9,600,000	13,000,000
Costais Riaracháin Costs (Neamhphá) ¹	2,500,000	-
Athbhreithniú GCC	-	4,836
Iomlán	<u>12,100,000</u>	<u>13,004,836</u>

¹Ina theannta sin, tabhaíodh caiteachas €0.2m. i leith gníomhaíochtaí sa réimse seo ó Vóta 25 – Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil, in 2012, (€2.6m. in 2011).

5. Tionscnamh Forfheidhmithe

Baineann an caiteachas seo le deontais a íocadh le húdaráis áitiúla agus le comhlachtaí cuí eile chun tacú le tionscnamh forfheidhmithe. Baineann €774,719 den chaiteachas a tabhaíodh faoin gceannteideal seo in 2012 (€1,866,937 - 2011) le híocaíochtaí a rinneadh faoi chreat-chomhaontú idir Stát na hÉireann agus údaráis Thuaisceart Éireann chun dramhaíl a fágadh go mídhleathach i dTuaisceart Éireann, agus a tháinig ó Phoblacht na hÉireann ar dtús, a aisídúichiú. Amhail an 31 Nollaig 2012, rinneadh obair chun dramhaíl a bhaint as 5 cinn de na 17 láithreán arna sonrú faoin gcreat-chomhaontú (rinne aisídúichiú ar thart ar 65,000 tona dramhaíola ar chostas €5.47m). Táthar ag súil go dtabhóidh Stát na hÉireann costais bhreise faoi théarmaí an chreat-chomhaontaithe (tá 250,000 tona dramhaíola mídhleathaí measta san iomlán le haisídúichiú ó na 17 láthair). Ní féidir na costais bheachta, agus uainiu na gcostas sin, a mheas go cruinn go fóill.

6. Tionscadail Oidhreachta Tógha agus Nádúrtha

Baineann an caiteachas seo le haisíocaíocht chostais a thabhaigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar Thionscadail Foirgnithe agus Oidhreachta Nádúrtha.

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

7. Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Náisiúnta agus Idirláisiúnta

Léiríonn an figiúr seo ranníocaíochtaí náisiúnta na hÉireann, idir éigeantach agus deonach, le heagraíochtaí a bhaineann le cosaint an chomhshaoil. Déantar achoimre orthu seo mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
Eagraíochtaí Meitéareolaíochta Idirláisiúnta ¹	3,449,872	-
Beartas Comhshaoil Radaíochta ¹	1,678,019	-
Áis do Thimpeallacht na Cruinne	1,420,000	1,420,000
Coinbhinsiún Vín/Prótacal Montréal um Chosaint an Chisil Ózóin	629,087	491,468
Ciste Comhshaoil na Náisiún Aontaithe	360,706	317,000
Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC)	142,384	131,619
Coinbhinsiún OSPAR ar Chosaint Mhuir-Thimpeallacht an Atlantaigh Thoir-Thuaidh	47,309	59,685
Coinbhinsiún na Ginéive ar Thruailliú Aeir	39,551	37,289
Trastearann Fadraoin		
Coinbhinsiún Basel	22,505	21,751
Coinbhinsiún Stócolm	21,394	14,877
Coinbhinsiún Aarhus ar Rochtaí ar Phobail le linn Cinntí a Dhéanamh agus ar Rochtaí ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil	21,352	17,612
Acadamh Ríoga na hÉireann	8,925	9,558
Prótacal Cartagena ar an mBith-Shábháilteacht	-	24,248
An Coinbhinsiún maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trastearann (ESPOO)	-	10,000
Iomlán	<u>7,841,104</u>	<u>2,555,107</u>

¹In 2011, íocadh suimeanna dar luach €2.5m maidir le síntíúis d'eagraíochtaí meitéareolaíochta Idirláisiúnta agus dar luach €1.6m maidir le ranníocaíochtaí le heagraíochtaí Idirláisiúnta i dtaca le Beartas Comhshaoil Radaíochta ó Vóta 25 - Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil.

8. Costais Oibriúcháin Athchúrsála

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla ón gCiste chun cabhrú leo freastal ar an gcostas oibriúcháin a bhain leis an mbonneagar bainistíochta dramhaíola.

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

9. An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola agus an Clár Náisiúnta um Fhorbairt Margaidh

Déantar achoimre ar chaiteachas faoin gceannteideal seo mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
An Clár Náisiúnta um Chosc Dramhaíola	3,641,240	4,115,200
An Clár Náisiúnta um Fhorbairt Margaidh	655,749	1,084,067
An Straitéis Náisiúnta um Dhramhaíl In-Bhithmhillte	<u>24,725</u>	<u>650</u>
Iomlán	<u>4,321,714</u>	<u>5,199,917</u>

10. Cáilíocht Uisce

Baineann an caiteachas seo le ranníocaíochtaí cúnamh deontais i leith tionscnaimh éagsúla a bhaineann le cáilíocht uisce. Déantar achoimre ar chaiteachas sa réimse seo mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil –	3,650,000	4,026,960
An Clár um Fhaireachán agus Measúnú ar Cháilíocht Uisce		
Scéim na mBratach Gorm	214,000	199,153
Maoiniú d'eagraíochtaí neamhrialtasacha (SWAN/VOICE)	170,227	69,150
Taighde ar Cháilíocht Uisce	<u>114,756</u>	<u>27,550</u>
Iomlán	<u>4,148,983</u>	<u>4,322,813</u>

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

11. Feabhsúchán Láithreáin Líonta Talún/Láithreán Neamhdhleathach

Déantar achoimre ar an gcaiteachas seo mar seo a leanas:

	2012	2011
	€	€
Baile Chairdif	2,200,601	4,000,000
Caipiteal ar Fheabhsúchán Láithreáin Líonta Talún	1,451,282	2,001,918
Láithreáin Neamhdhleathacha (Caipiteal)	458,034	-
Láithreáin Neamhdhleathacha (Reatha)	<u>10,521</u>	<u>108,805</u>
Iomlán	<u>4,120,438</u>	<u>6,110,723</u>

Is ionann íocaíochtaí líonta talún Bhaile Chairdif agus íocaíochtaí deontais leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i leith costas a thabhaigh an Ghníomhaireacht maidir le feabhsúchán láithreán líonta talún Bhaile Chairdif.

Baineann caiteachas caipitil ar fheabhsúchán láithreáin líonta talún le deontais a íocadh le húdaráis áitiúla chun tacú le feabhsúchán láithreáin líonta talún atá ceadúnaithe, dúnta agus faoi úinéireacht údarás áitiúil. In 2012, íocadh deontais, arbh fhiú €3.3m iad, le haghaidh feabhsúchán láithreáin líonta talún dúnta le húdaráis áitiúla ó Vóta 25 – Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil (€1m in 2011).

Léiríonn caiteachas ar láithreáin mhídhleathacha (caipiteal) íocaíochtaí a rinneadh i leith trí láithreán in 2012 - Ard Breistin, Cill Pheadair agus Caisleán an Ridire.

Is ionann caiteachas ar láithreáin neamhdhleathacha (reatha) agus íocaíochtaí a rinne an Ciste maidir le monatóireacht agus tástáil láithreán slándáil láithreán ar araile agus saincheisteanna stairiúla eile ag an iar-láithreán ISPAT ar Inis Sionnach. Íocfar an Roinn Talmhaíochta, Bia agua Mara dliteanais amach anseo maidir le monatóireachta láithreáin agus tástáil, slándáil láithreáin ar araile.

12. An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil

Is ionann é seo agus aisíocaíocht na gcostas a thabhaigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hoibríochtaí na hOifige Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil.

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

13. Tionscnamh in aghaidh an Bhruscair

Léiríonn an figiúr seo caiteachas ar raon tionscnamh, lena n-áirítear iad seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Deontais Feasachta ar Thionscnamh in aghaidh an Bhruscair de chuid na nÚdarás Áitiúil	1,499,636	1,564,118
Glantachán Náisiúnta Earraigh	225,000	249,312
An Córás Náisiúnta um Fhaireachán ar Thruailliú Bruscair	61,295	62,489
Sraith Náisiúnta an Bhruscair de chuid Ghnó na hÉireann in aghaidh an Bhruscair	50,000	70,000
Fógraíocht	707	-
Iomlán	<u>1,836,638</u>	<u>1,945,919</u>

14. Feasacht ar an gComhshaol

Léiríonn an figiúr seo caiteachas ar ardú feasachta ar an gcomhshaol agus ar fhorbairt acmhainne Eagraíochtaí Neamh-Rialtasacha Comhshaoil (ENGO). Déantar achoimre air mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Lónra Comhshaoil na hÉireann (EENGO) – Croí-mhaoiniú/Maoiniú Acmhainne agus Tionscadail Ciste Comhpháirtíochta Chlár Oibre Áitiúil 21	784,280	945,500
Cúnamh Deontais		
- Scoileanna Glasá	180,000	200,000
- Teach Gloine Cultivate	145,000	323,028
- Seirbhís Dhigiteach ENFO	50,000	50,000
- Feachtais Feasachta Sheachtracha	49,657	160,893
- Cairde Éanlaith Éireann	30,000	62,000
- Dámhachtainí Comhshaolaithe Óga	20,000	30,000
- An Taisce – Próiseas Pleanála	20,000	20,000
- Dámhachtainí Glasá	7,500	9,000
- ECFE (Táscairí comhlíonta comhshaoil)	5,000	-
- Stáisíún Mara Inis Arcáin	4,000	8,000
- Seachtain Freagrachta Saoránaigh	-	347,560
- SEAI (Smaoineamh Maith Amháin)	-	25,000
- Fóram Comhshaoil Chorcaí	-	13,000
- Féile Choinbhéirseachta Cultivate	-	10,000
Fógraíocht	5,087	5,060
Priontaíl agus Foilsíú	-	207
Iomlán	<u>1,637,524</u>	<u>2,592,998</u>

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

15. Sábháilteacht Núicléach

Baineann an maoiniú seo le taighde dlí agus eolaíoch leanúnach sa réimse seo, agus aird ar leith ar choimpléasc Sellafield sa Ríocht Aontaithe, i gcomhréir le beartas an Rialtais.

16. Bainistíocht Dramhaíola lena n-áirítear Tionscadail Athchúrsála

Léiríonn sé seo íocaíochtaí a rinneadh le húdaráis áitiúla ón gCiste chun cabhrú leo freastal ar na costais chaipítil a bhain leis an mbonneagar bainistíochta dramhaíola a chur ar fáil. Chomh maith leis sin, cuireadh maoiniú ar fáil i leith na gcostas a bhain le pleanáil agus le soláthar do mhórthionscadail bhonneagair bainistíochta dramhaíola na n-údarás áitiúil. Déantar achoimre air mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Bainistíocht Dramhaíola – Scéim na nDeontas Caipítil	1,331,091	8,976,232
Pleanáil agus Soláthar do mhórthionscadail	148,917	296,854
bhonneagair na n-údarás áitiúil		
Iomlán	<u>1,480,008</u>	<u>9,273,086</u>

17. An Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (Neamhphá)

Is ionann é seo agus maoiniú a tugadh don Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch (IECR) chun a costais reatha (neamhphá) laethúla a chlúdaigh. In 2011, thabhaigh caiteachas dar luach €1.1 maidir le gníomhaíochtaí sa réimse seo ó Vóta 25 - Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

18. Costais Bhailiúcháin an Tobhaigh Chomhshaoil

Léiríonn an figiúr seo an táille seirbhísé bhliantúil atá aontaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim chun an Tobhach Comhshaoil ar sholáthar malaí plaisteacha a oibriú.

19. Tionscnaimh Freagracht Táirgeora

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas i dtaobh athbhreithnithe a cuireadh túis leis in 2012 ar thionscnaimh freagrachtaí táirgeora in Éirinn, a mbítear ag siúl go mbeidh na cinní agus na moltaí mar bhunús d'fhorbairt tionscnaimh freagracht táirgeora a thabharfaí de chumas d'Éirinn oibriú go rathúil chun dualgais chomhshaoil dár thí féin agus don AE a chomhlíonadh go meántéarmach agus go fadtéarmach.

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

20. Eile

Is ionann an figiúr seo agus caiteachas ar thionscainmh éagsúla eile a ndéantar achoimre orthu mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
Rialú Truaillithe Aein / Aeráide	109,114	143,722
An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta	93,693	-
Inbhuanaitheacht Comhshaoil Idirnáisiúnta	79,289	70,504
Idirghabháil Glasáin	75,364	257,584
Bailte Slachtmhara	57,879	57,744
Pleananna Réigiúnacha Bainistíocht Dramhaíola	45,223	-
Laghdú CO2 i bhFoirgnimh Thráchtála	17,393	-
Costais Oibriúcháin a bhaineann le Cosc Dramhaíola	378	10,554
Comhar – an Chomhairle Forbartha Inmharthana	-	<u>153,040</u>
Iomlán	<u>478,333</u>	<u>693,148</u>

21. Caiteachas Iomlán

Is féidir achoimre a dhéanamh ar chaiteachas iomlán ón gciste in 2012 mar seo a leanas:

	2012 €	2011 €
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil	23,752,562	27,226,960
Údaráis Áitiúla	23,571,074	38,849,477
Tionscadail Oidhreachta Tógha agus Nádúrtha	8,846,137	9,239,936
Ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Náisiúnta agus	7,841,104	2,555,107
Idirnáisiúnta		
Eile	<u>6,720,639</u>	<u>6,599,154</u>
Iomlán	<u>70,731,516</u>	<u>84,470,634</u>

22. An Tobhach Comhshaoil ar Líonadh Talún Dramhaíola

Is mar seo a leanas a bhí na suimeanna a bhí dilithe don Chiste ó údaráis áitiúla amhail an 31 Nollaig 2012:

	2012 €	2011 €
Tobhach ar an Líonadh Talún Dramhaíola ó láithreáin líonta talún a oibrítear go príobháideach	6,865,260	6,390,078
Tobhach ar an Líonadh Talún Dramhaíola ó láithreáin líonta talún atá á n-oibriú ag údaráis áitiúla	1,942,927	1,277,823
Tobhach ar an Líonadh Talún Dramhaíola ó láithreáin líonta talún neamhúdaraithe	-	102,244
Iomlán	<u>8,808,187</u>	<u>7,770,145</u>

Nótaí leis na Cuntas (ar lean)

23. An Tobhach Comhshaoil ar Mhálaí Plaisteacha

Is ionann é seo agus glandliteanas na gCoimisinéirí Ioncaim i leith an Chiste amhail an 31 Nollaig 2012.

24. Réamhíocaíochtaí

Is mar seo a leanas a bhí réamhíocaíochtaí amhail an 31 Nollaig 2012:

	2012 €	2011 €
Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta	141,708	142,384
Costais a bhaineann le Feasacht Chomhshaoil	10	-
Éarlais chun seomraí comhdhála a fháil ar cíos	-	2,915
Iomlán	<u>141,718</u>	<u>145,299</u>

25. Speansais Fhabhraithe

Is mar seo a leanas a bhí Speansais Fhabhraithe amhail an 31 Nollaig 2012:

	2012 €	2011 €
Deontais forfheidhmithe	4,200,370	103,091
Costais oibriúcháin athchúrsála	3,200,000	-
Aisghabháil dlite ag an Roinn Ealaón, Oidhreachta agus	1,203,274	-
Gaeltachta maidir le costais a tabhaíodh in 2012		
Cáin Shiarchoinneálach agus Cáin Bhreislúacha Seirbhísí	206,515	258,764
Gairmiúla atá le híoc leis na Coimisinéirí Ioncaim i leith		
an bhliain 2012		
An Clár Náisiúnta um Fhorbairt Margaidh	132,453	160,419
Costais chomhairleachta a bhaineann leis an gCóras	9,712	5,597
Náisiúnta um Fhaireachán ar Thruaillí Bruscair		
Costais a bhaineann le Cosc ar Dhramhaíl	378	-
Bainistíocht Dramhaíola lena n-áirítear tionscadail	-	520,366
athchúrsála		
Costais a bhaineann le Sábháilteacht Núicléach	-	129,678
Costais a bhaineann le Feasacht ar an gComhshaoil	-	2,625
Iomlán	<u>8,952,702</u>	<u>1,180,540</u>

Síniú:

Geraldine Tallon
Geraldine Tallon
Ard-Rúnaí

Dáta: 12/12/13



Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste Tuairiscáil le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtas

Ciste Comhshaoil

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais don Chiste Comhshaoil don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 faoi réir an Acharta um Bainistíocht Dramhaíola 1996. Tá na nithe seo a leanas san áireamh sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi réir na bpolasaithe cuntasáiochta leagtha síos ann, na Polasaithe Cuntasáiochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe agus an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótá a ghabhann leo. 'Sé an creat tuairiscithe airgeadais a úsáideadh agus iad á ullmhú ná alt 74 den Acht agus Cleachtas Cuntasáiochta a nGlahtar go Coitianta leis in Éirinn.

Freagrachtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tá an Roinn freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntí go dtugann siad léargas fíor agus cothrom ar idirbheartha an Chiste agus ar a staid ghnóthaí agus as rialtacht na n-idirbheart.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de dhualgas ormsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu i gcomhaontú leis an dlí is infheidhme.

Tá mo iniúchadh déanta trí thagairt do na nithe speisialta is gá a ghabhann le comhlachtaí Stáit i ndáil le cúrsaí bainistoirreachta agus oibriúcháin.

Tá mo iniúchadh déanta i gcomhaontú leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta d'Iníúchadh (Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhaontú le Caighdeáin Chleachtais Iniúchóireachta an Bhoird d'Iníúchóirí Eiticiúla.

Réimse an Iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais

Sé tá i gceist le iniúchadh ná fianaise a fháil i dtaobh méid agus nochtadh eolais sna ráitis airgeadais, gur leor í chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé de bharr calaoise nó earráide. Áirítear leis seo measúnú ar

- chibé an bhfuil na beartais chuntasáiochta cuí agus curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go fónta
- réasúntacht na meastacháin chuntasáiochta shuntasacha a rinneadh in ullmhú na ráitis airgeadais, agus

- cur i láthair foriomlán na ráitis airgeadais.

Déanaimse iarracht chomh maith fianaise a fháil i rith an iniúchta ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

I mo thuairimse tugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh i gceart i gcomhaontú leis an gCleachtas Cuntasáiochta a nGlahtar go Coitianta leis in Éirinn, léargas fíor agus cothrom ar idirbheartha an Chiste don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2012 agus ar staid a ghnóthaí ar an dáta sin.

I mo thuairimse choimeád an Roinn na leabhair chuntais go ceart. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair ar a gTugaimse Tuairisc de réir eisceachta

Tugaimse tuairisc de réir eisceachta sa chás

- nach bhfuair me an t-eolas agus na míniúcháin iomlan atá ag teastáil uaim do mo iniúchadh, nó
- gur thug mo iniúchadh aon chás ábhartha faoi ndeara nár cuireadh suimeanna airgid chun na húsáide a bhí beartaithe dóibh nó sa chás nach raibh na hidirbheartha i gcomhaontú leis na húdaráis a rialaonn iad, nó
- nach ionann an ráiteas ar rialú inmhéanach airgeadais agus comhaontú na Roinne le riachtanais na ráiteas siúd mar atá leagtha síos sa Tuarascáil ón nGrúpa Oibre ar Chuntasacht Ard-Rúnaithe agus Oifigigh Cuntais, nó
- go bhfaighimse aon chásanna ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi inar rinneadh an gnó poiblí.

Tobhaigh Líonta Talún nach bhfuil bailithe

Tarraingím aird ar nota 1 leis na ráitis airgeadais. Taispeánann seo gur cuireadh oibreoir láithreán líonta talún de chuid na hearnáile príobháidí faoi ghlacadóireacht in 2012 agus fiachas de €4.6 milliún air mar gheall ar thobhaigh líonta talún ag dul don Chiste.

Seamus McCarthy.

Seamus McCarthy
Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
15 Nollaig, 2013

